Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

## Cén sórt caipéisíochta a theastaíonn uaim le hiarratas a dhéanamh?

| An Cineál Cáipéisíochta | Document type JPEG, PNG, PDF |
|---|---|
| Ioncam más fostaí ÍMAT tú | Deimhniú Tuarastail do gach iarratasóir atá líonta isteach ag d'fhostóir, agus dáta air taobh istigh den 6 mhí atá díreach thart (ní ghlacfar le duillíní) AGUS Achoimre Sonraí Fostaíochta do gach iarratasóir, (ar a dtugtaí P60 roimhe seo) atá ar fáil ó www.ros.ie/mochuntas |
| Ioncam má tá tú féinfhostaithe | Doiciméid a bhaineann leis an 2 bhliain atá caite: - Cuntais Iniúchta/Deimhnithe, Ráiteas Comhardaithe Cánach agus Admháil Íocaíochta Cánach. |
| Má tá tú dífhostaithe | Caithfidh tú ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí a chur ar fáil don 12 mhí atá díreach caite. |
| Aitheantais Fótagrafach | Ní mór do gach iarratasóir Pas Bailí, Cárta Pas, Ceadúnas Tiomána AE/LEE (caithfidh grianghraf a bheith leis), Aoischárta Náisiúnta eisithe ag an nGarda Síochána agus foirm aitheantais le grianghraf atá sínithe agus stampáilte ag ball den Gharda Síochána a chur ar fáil |
| Cruthúnas ar Cheart Cónaithe in Éirinn | I gcás iarratasóirí nach ón AE iad, teastaíonn cóip bhailí de Chead Cónaithe Éireannach, a thaispeánann an cineál stampa / cead (Stampa 4,1, 1G, 5 srl) |
| Cruthúnas ar Cheart Cónaithe | Comhfhreagras foirmiúil, mar shampla bille fóntais, ceadúnas teilifíse, comhfhreagras oifigiúil ón rialtas mar shampla,<br>Na Coimisinéirí Ioncaim, DSP, Ráitis Bainc/comhar creidmheasa, ina bhfuil d'ainm agus do sheoladh le feiceáil go soiléir. |
| Ceannaitheoir Céaduaire | An Fhoirm Cabhair le Ceannach líonta isteach ag cruthú ag tabhairt le fios go bhfuil faomhadh faighte. Mura bhfuil tú tar éis cur isteach ar Chabhair le Ceannach cheana féin, ba cheart duit é sin a dhéanamh anois ag www.ros.ie/myaccount.<br>Ina áit sin d'fheadfá mionnscríbhinn a chur ar fáil ó aturnae a dheimhníonn nach raibh áit chónaithe i do sheilbh riamh cheana nó nach raibh suim agat i dteach cónaithe in aon Stát. |
| An Prionsabal Tosú as an Nua | Caithfidh iarratasóirí a chreideann go bhféadfadh siad cáiliú faoin bPrionsabal Tosú as an Nua cruthúnas ar idirscaradh dlíthiúil / doiciméid colscartha / doiciméid féimheacht nó dócmhainneacht phearsanta a chur ar fáil. |
| Cruthúnas ar Choigiltis | Caithfidh tú ráitis do na 3 mhí roimhe sin a chur san áireamh i gcás gach cuntas bainc / comhar creidmheasa / institiúid airgeadais ina bhfuil cuntas agat. Ba cheart go mbeadh ainm agus seoladh an té gur leis an cuntas le feiceáil go soiléir. (Ní ghlactar le gabháil scáileáin ar líne). Áirítear leis seo gach Cuntas Reatha agus Revolut.<br>(Tabhair ráiteas achoimre gairid seachas é a bheith ar go leor leathanaigh, agus cuir isteach ráiteas a thaispeánann aon suimeanna móra a cuireadh i dtaisce.) |
| Cruthúnas ar Chúrsaí Airgid | Mura bhfuil tú tar éis cur isteach ar mhorgáiste cheana féin, ba cheart duit é sin a dhéanamh anois. Ba cheart go mbeadh do litir Faomhadh Iasachta i bPrionsabal bailí agus suas chun dáta.<br>Caithfidh tú an Faomhadh Iasachta i bPrionsabal a fháil ó Cholúnbhanc. Is iad na colúnbhainc ná: Bank of Ireland, AIB, PTSB, Haven, EBS nó Iasacht Tí ó Údarás Áitiúil. Ba cheart go mbeadh do litir Faomhadh Iasachta i bPrionsabal bailí agus suas chun dáta.<br>Ba chóir go mbeadh an méid de mhorgáiste atá ceadaithe duit ceithre oiread ollioncam an teaghlaigh. Má tá morgáiste ceadaithe d'iarrthóirí atá níos lú ná ceithre oiread a n-ioncam caithfidh siad faoin Reachtaíocht um Thithíocht Inacmhainne a thaispeáint go bhfuil siad tar éis a gcumas morgáiste a uasmhéadú (i.e. An oiread agus atá siad ina theideal a fháil ar iasacht). |